Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9225/24**

| | |
|---|---|
| **COPS 209** | **ESPACE 41** |
| **POLMIL 139** | **POLMAR 16** |
| **CIVCOM 107** | **TRANS 213** |
| **EUMC 197** | **PESCO 3** |
| **INDEF 24** | **FIN 477** |
| **HYBRID 58** | **CSC 321** |
| **DISINFO 60** | **CFSP/PESC 622** |
| **CYBER 133** | **CSDP/PSDC 284** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 9223/24 COPS 207 POLMIL 137 CIVCOM 105 EUMC 195 INDEF 22 HYBRID 56 DISINFO 58 CYBER 131 ESPACE 39 POLMAR 14 TRANS 211 PESCO 1 FIN 459 CFSP/PESC 620 CSDP/PSDC 282 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint an Aontais Eorpaigh, arna bhformheas ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint an Aontais Eorpaigh**

**Réamhrá**

1. Tá meascán bagairtí agus dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo os comhair an Aontais, ar bagairtí agus dúshláin idirnasctha iad go minic. Is mó anois atá cumhachtaí athbhreithnitheacha agus réimis fhorlámhacha ag cur in aghaidh an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe fad atá an teannas idirnáisiúnta ag dul i méid. Tá an chogaíocht tar éis filleadh ar an Eoraip. Is bagairt eiseach ar shlándáil na hEorpa é cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, ar sárú tromchúiseach é ar an dlí idirnáisiúnta. Mar thoradh ar ionsaithe brúidiúla sceimhlitheoireachta Hamas ar Iosrael agus ar an gcogadh a lean iad in Gaza, tá tubaiste dhaonnúil thromchúiseach agus teannas méadaithe sa Mheánoirthear. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024 agus tá sí lántiomanta i gcónaí sos cogaidh láithreach a bhaint amach, na gialla uile a scaoileadh saor gan choinníoll, chomh maith le rochtain gan bhac ar chabhair dhaonnúil ar an mórchóir a chur ar fáil do Phalaistínigh atá i ngátar. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do shíocháin bhuan mharthanach a bheidh bunaithe ar réiteach an dá stát. Tar éis *coups* míleata agus cur isteach níos mó ónár n-iomaitheoirí straitéiseacha sa tSaiheil, tá a ról mar sholáthraí slándála agus a láithreacht shibhialta agus mhíleata sa réigiún sin á oiriúnú ag an Aontas. Toisc géarchéimeanna eile agus comhthéacsanna leochaileacha, a mbíonn tionchar tubaisteach daonnúil acu go minic, beidh gá le rannpháirtíocht leanúnach – mar shampla sna Balcáin Thiar, i gComharsanacht an Oirthir, i Réigiún na Mara Duibhe, i gCugas Theas, i gComharsanacht an Deiscirt, i gCorn na hAfraice, agus i Murascaill na Guine.

2. Ó cuireadh tús le cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022 agus bunaithe ar an gCompás Straitéiseach, chomh maith le Dearbhú Versailles i mí an Mhárta 2022, neartaíodh go mór ról an Aontais mar ghníomhaí slándála agus cosanta. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta mar a léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ón Ardionadaí maidir le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh i mí an Mhárta 2024 agus tá sí ag tnúth leis an athbhreithniú ar an Anailís ar Bhagairtí in 2025. Ní mór don Aontas a ullmhacht cosanta a mhéadú a thuilleadh agus a cheannasacht a fheabhsú trí iarrachtaí breise a dhéanamh i gcomhréir le conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2024 agus le hinniúlachtaí na mBallstát. Ní mór dó freisin feabhas a chur ar a ullmhacht shibhialta agus mhíleata i bhfianaise thimpeallacht na bagartha atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, ní mór don Aontas dlús a chur leis na hiarrachtaí ar ghéarchéimeanna a chosc agus freagairt níos tapúla orthu ar bhealach comhtháite, i gcomhar le comhpháirtithe nuair is féidir, chun an tsíocháin a chothú agus an smacht reachta a neartú. Gan dochar do chineál sonrach an bheartais slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe, agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh, tá an Chomhairle tagtha ar chomhaontú inniu maidir leis na cúig phríomhthosaíocht seo a leanas don tréimhse atá le teacht, i bhfianaise an chéad Chláir Oibre Straitéisigh eile freisin:

**Tacaíocht dhaingean an Aontais don Úcráin**

*Gealltanais slándála*

3. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an tAontas níos diongbháilte anois ná riamh maidir lena thacaíocht bhuanseasmhach do neamhspleáchas, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine laistigh de theorainneacha na tíre sin, ar teorainneacha iad a aithnítear go hidirnáisiúnta. I ndáil leis sin, tá sé de rún daingean ag an Aontas leanúint den tacaíocht uile is gá a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir, tacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a fhad is gá agus ar an leibhéal is déine is gá. I ndáil leis an méid sin, tá sé d'aidhm ag an gComhairle gealltanais slándála an Aontais don Úcráin a shíniú faoi dheireadh mhí an Mheithimh. In éineacht le socruithe déthaobhacha, cuideoidh na gealltanais leis an Úcráin í féin a chosaint, cur i gcoinne iarrachtaí ar dhíchobhsú, agus gníomhartha foghacha a dhíspreagadh amach anseo. Beidh gealltanais slándála an Aontais ina gcreat do thacaíocht intuartha, fhadtéarmach agus inbhuanaithe do shlándáil agus do chosaint na hÚcráine, agus ba cheart iad a mheas ar bhealach iomlánaíoch. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá le cur chuige straitéiseach i leith réigiún na Mara Duibhe.

*Ciste Cúnaimh don Úcráin/an tSaoráid Eorpach Síochána*

4. Is iad riachtanais phráinneacha agus athraitheacha Fhórsaí Armtha na hÚcráine i gcónaí a spreagfaidh Ciste Cúnaimh na hÚcráine, a bunaíodh le déanaí mar chuid den tSaoráid Eorpach Síochána. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta leis na gníomhartha dlíthiúla breise d'fhonn an Ciste Cúnaimh don Úcráin agus bearta cúnaimh eile faoin tSaoráid Eorpach Síochána a chur chun feidhme, i gcomhréir le rialacha cur chun feidhme na Saoráide. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dul chun cinn atá déanta leis na dréachtghníomhartha dlí maidir le hioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní blocáilte na Rúise a dhíriú ar leas na hÚcráine, go háirithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais mhíleata is práinní atá aici, go mór mór tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

*Armlón agus aerchosaint*

5. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá sé dlús a chur le seachadtaí ábhar míleata agus iad a threisiú bunaithe ar riachtanais phráinneacha na hÚcráine, go háirithe armlón, go mór mór le haghaidh airtléire, diúracán, córais aerchosanta agus airtléire, agus ladrann, agus í ag leanúint d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na hÚcráine. Is díol sásaimh di tionscnaimh ó na Ballstáit le déanaí i ndáil leis an méid sin agus leanfaidh sí de sheachadtaí breise a dhreasú. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit tuilleadh úsáide a bhaint as Creatchonarthaí na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) agus 'na náisiúin cheannais' chun níos mó armlóin agus diúracán a sheachadadh chuig an Úcráin go práinneach.

*Oiliúint agus comhairle*

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair iontach atá á déanamh ag Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUMAM) a mbeidh oiliúint curtha aige ar 60 000 saighdiúir de chuid na hÚcráine faoi dheireadh shamhradh 2024. Leanfaidh an Misean de bheith ag freastal ar riachtanais athraitheacha phráinneacha Fhórsaí Armtha na hÚcráine, i gcomhar le comhpháirtithe. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil raon feidhme na hoiliúna á leathnú chuig réimsí na mara agus an aeir agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint de dhíriú ar cháilíocht na hoiliúna do shaighdiúirí na hÚcráine agus ar an méid a chuireann siad le héifeacht oibríochtúil a bhaint amach. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an Athbhreithniú Straitéiseach ar an Misean atá ar na bacáin, go háirithe d'fhonn leanúint den fhreastal ar riachtanais phráinneacha a ghabhann leis an gcogadh agus riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha ar nós athchóiriú earnáil cosanta na hÚcráine. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach é freisin gur neartaíodh Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh (EUAM) san Úcráin, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an tacaíocht a uas-scálú do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na hÚcráine sna críocha a saoradh agus sna críocha tadhlacha agus d'athchóirithe san earnáil slándála, chomh maith le himscrúdú agus ionchúiseamh na gcoireanna idirnáisiúnta atá déanta ag an Rúis.

**Tuilleadh a chaitheamh le chéile agus ar bhealach níos fearr**

7. Mar gheall ar an gcogaíocht ard-déine a bheith ar siúl arís ar mhór-roinn na hEorpa, ní mór dúinn a áirithiú, go práinneach agus ar mórscála, go mbeidh táirgí cosanta ar fáil. Ní mór do Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a bheith in ann foráil a dhéanamh maidir le riachtanais fhórsaí armtha na mBallstát agus maidir le riachtanais ár gcomhpháirtithe i gcás inar gá. Agus a acmhainneacht agus a ullmhacht táirgeachta á méadú aige, ní mór do EDTIB, lena n-áirítear a chuid FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, a bheith in ann cumais den chéad ghlúin eile a fhorbairt agus a bheith ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht theicneolaíoch, agus san iomaíocht i dtírdhreach éagsúil, agus GEC á úsáid mar ardán chun faisnéis a chomhroinnt agus seasaimh na mBallstát a chomhordú.

Tugtar aghaidh sna Tosaíochtaí Forbartha Cumais athbhreithnithe a comhaontaíodh i mí na Samhna 2023 ar na cumais speictrim iomláin is mó a bhfuil gá leo agus is práinní. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go dtagraítear go príomha do na tosaíochtaí sin i ndáil le tionscnaimh chosanta agus beartais agus ionstraimí uile an Aontais a bhaineann le cosaint lena dtacaítear le pleanáil agus clársceidealú comhoibríoch ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an obair a rinne Mol Nuálaíochta um Chosaint na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint i sineirgíocht le Scéim Nuálaíochta Cosanta an Choimisiúin Eorpaigh. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin Athbhreithniú Fadtéarmach 2024 GEC, ag tógáil ar an treoir a thug an Chomhairle an 14 Samhain 2023, agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go hiomlán é. Sa chomhthéacs sin, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá an spreagadh polaitiúil atá le fáil ann agus dearbhaíonn sí an athuair ról GEC laistigh de thimpeallacht an chumais Eorpaigh.

I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, meabhraítear don Chomhairle an toil feabhas a chur ar uathriail straitéiseach an Aontais agus ar a chumas oibriú le comhpháirtithe chun a luachanna agus a leasanna a chosaint. Ach an tAontas a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle na treoirphrionsabail a leagtar amach sna Conarthaí agus na treoirphrionsabail a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach.

*Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach*

8. Is díol sásaimh don Chomhairle cur i láthair na Teachtaireachta Comhpháirtí ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir le Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa agus iarrann sí go leanfaí ar aghaidh leis an obair ar fad i gcomhar leis na Ballstáit. Is céim mhór i dtreo chur chun feidhme na Straitéise é an Clár Eorpach um Thionscal Cosanta arna moladh ag an gCoimisiún agus a ghabhann leis an Teachtaireacht sin agus ba cheart leanúint den chaibidlíocht leanúnach maidir leis an ionstraim sin go pras. Ba cheart bealaí a chur ar fáil leo sin araon i dtreo ullmhacht mhéadaithe cosanta an Aontais, agus comhlánóidh siad uirlisí, ionstraimí, struchtúir agus tionscnaimh chosanta an Aontais atá ann cheana, agus beidh siad i gcomhréir iomlán leo, agus seachnófar leo dúbailt neamhriachtanach.

9. Chun ullmhacht cosanta an Aontais a mhéadú agus chun ceannasacht an Aontais a fheabhsú, beidh gá le hiarrachtaí breise chun an méid seo a leanas a dhéanamh i gcomhréir le hinniúlachtaí na mBallstát. Aontaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le EDTIB láidir agus le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh le chéile ar bhealach níos fearr mar réamhriachtanais ríthábhachtacha. Chuige sin, is fíor an méid seo a leanas i leith na Comhairle:

– meabhraítear di an tiomantas comhroinnte an caiteachas cosanta a mhéadú go suntasach agus infheistíocht a dhéanamh le chéile ar bhealach níos fearr agus níos tapúla, na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mhárta 2024 a chur chun feidhme, agus í agus iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí feabhsaithe chun infheistíocht a dhéanamh ar feadh shaolré an chumais agus sin bunaithe ar thosaíochtaí forbartha cumais arna gcomhaontú ag na Ballstáit;

– admhaíonn sí gur gá infhaighteacht thráthúil táirgí cosanta a mhéadú agus a áirithiú trí EDTIB níos freagrúla agus níos athléimní a fhorbairt ar fud an Aontais a bheidh in ann slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus bearta na mBallstát atá ann cheana á gcur san áireamh, agus ag tógáil ar Dhearbhú Versailles agus ar an gCompás Straitéiseach, go bhfuil sí tiomanta do spleáchais straitéiseacha a laghdú;

– meabhraítear di go bhfuil gá le hinfheistíochtaí suntasacha marthanacha in EDTIB ó na Ballstáit agus, gan dochar don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, ón Aontas, chun taca a chur faoi ullmhacht cosanta an Aontais;

- leagann sí béim ar a thábhachtaí atá maoiniú leormhaith comhsheasmhach d'ullmhacht cosanta an Aontais;

- leagann sí béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar an rochtain atá ag EDTIB ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach. Baineann sé seo go háirithe le FBManna. Cuireann sí i bhfios go láidir freisin nach gcuireann an creat airgeadais inbhuanaithe bac ar mhaoiniú na hearnála cosanta agus aithníonn sí gur féidir leis an tionscal cosanta tairbhí suntasacha eacnamaíocha agus poist shuntasacha a chruthú agus nuálaíocht a spreagadh. Tugann an Chomhairle dá haire feidhm chomharthaíochta thábhachtach bheartais Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus meabhraítear di gur iarradh sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2024 a bheartas maidir le hiasachtú don tionscal cosanta agus an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar earraí dé-úsáide a oiriúnú, agus a chumas maoinithe á chosaint aici ag an am céanna;

- meabhraítear di an iarraidh ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2024 féachaint ar na roghanna uile atá ann chun cistí a shlógadh agus tuairisc a chur chuici ina leith faoi mhí an Mheithimh.

10. Aontaíonn an Chomhairle gur cheart uaillmhian an Aontais maidir le hullmhacht cosanta a bhaint amach a ghiaráil freisin trí chomhpháirtíochtaí. Tacaíonn sé le neartú an chomhair, as a dtiocfaidh comhtháthú forásach bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hÚcráine in EDTIB. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an chéad Fhóram de Thionscail Cosanta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a tionóladh sa Bhruiséil an 6 Bealtaine 2024, agus tá sí ag tnúth le hoscailt oifige nuálaíochta i gCív. Ar an gcaoi chéanna, molann an Chomhairle do GEC féachaint an bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar a shocrú riaracháin le haireacht cosanta na hÚcráine, a luaithe a bheidh na dálaí ann chuige sin. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle go gcuirfí chun cinn an comhar le ECAT maidir le cúrsaí a bhaineann leis an tionscal cosanta ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, go háirithe trí fheabhas a chur ar an gcomhar maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán.

*Buanchomhar struchtúrtha*

11. Is creat lárnach é an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) chun an comhar cosanta a dhoimhniú idir na Ballstáit rannpháirteacha ar leibhéal an Aontais, feabhas a chur ar ullmhacht oibríochtúil agus idir-inoibritheacht, ar chaiteachas agus infheistíocht i réimse na cosanta, ar fhorbairt cumais, agus ar rannchuidiú a bhfórsaí armtha leis na misin is déine, chomh maith le cuidiú le cultúr straitéiseach comhchoiteann a thógáil. Leis an athbhreithniú straitéiseach leanúnach ar PESCO, lena dtugtar aghaidh ar na gealltanais is ceangailtí agus ar na tionscadail chomhoibríocha araon, ba cheart go mbeadh PESCO níos láidre agus níos straitéisí mar thoradh air tar éis 2025, chun freagairt ar thimpeallacht slándála atá ag dul in olcas agus chun rannchuidiú le hullmhacht slándála an Aontais. Ach an uaillmhian a choinneáil, úinéireacht pholaitiúil a áirithiú agus cumarsáid straitéiseach a fheabhsú, ár n-iarrachtaí a dhíriú ar thionscadail lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí cumais atá ábhartha ó thaobh straitéise de, agus an comhleanúnachas le tionscnaimh chosanta an Aontais agus le beartais agus ionstraimí a bhaineann le cosaint a chomhdhlúthú, beidh PESCO in ann freastal níos fearr ar riachtanais oibríochtúla agus cumais. Cuideoidh sé sin leis na Ballstáit rannpháirteacha feabhas a chur ar a gcomhar cosanta agus gníomhú le chéile ar bhealach níos fearr sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.

**Cur le cumas an Aontais gníomhú**

*An Mhuir Rua / Réigiún na Murascaille*

12. Is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh EUNAVFOR ASPIDES, oibríocht chosanta slándála muirí a bhfuil sainordú láidir aici rannchuidiú leis an dlí idirnáisiúnta a chosaint, saoirse loingseoireachta a athbhunú, agus loingeas trádála agus a mairnéalaigh a chosaint i gCaolas Baab al-Mandab agus i gCaolas Hormuz, chomh maith le huiscí idirnáisiúnta sa Mhuir Rua, i Murascaill Áidin, sa Mhuir Arabach, i Murascaill Óman, agus i Murascaill na Peirse, i gcomhar le gníomhaithe eile slándála muirí, go háirithe EUNAVFOR ATALANTA, EMASoH-Agenor, agus an oibríocht 'Caomhnóir Rathúlachta'. Is díol sásaimh di na chéad torthaí oibríochtúla ó EUNAVFOR ASPIDES agus iarrann sí ar na Ballstáit a áirithiú go gcruthófar fórsaí leordhóthanacha marthanacha. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cumarsáid straitéiseach leanúnach neartaithe le gníomhaithe réigiúnacha mar aon leis an gcomhordú is fearr is féidir a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mBallstát chun coinbhleachtaí a mhaolú agus slándáil agus saoirse loingseoireachta i réimse na hoibríochta a áirithiú ar bhealach inbhuanaithe.

*An tSaiheil / Murascaill na Guine*

13. Le breis agus 10 mbliana anuas, tá acmhainní suntasacha infheistithe ag an Aontas i réigiún na Saiheile agus tá pearsanra sibhialta agus míleata imscartha aige ann. Tá athruithe ar an staid pholaitiúil agus slándála a tharla le déanaí tar éis dul i bhfeidhm ar ár rannpháirtíocht CBSC. In ainneoin na ndúshlán sin, cuireann an Chomhairle i dtreis gur tosaíocht fhadtéarmach de chuid an Aontais i gcónaí iad slándáil agus cobhsaíocht na Saiheile. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé ár rannpháirtíocht CBSC a oiriúnú, i gcomhthéacs cur chuige réigiúnach, chun bheith níos solúbtha agus níos modúlaí agus chun tacaíocht níos saincheaptha agus níos dírithe ar éileamh a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais agus iarrataí áitiúla chomh maith le húinéireacht agus cuntasacht. Is díol sásaimh don Chomhairle Tionscnamh sibhialtach-míleata Slándála agus Cosanta an Aontais a bunaíodh le déanaí chun tacú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine, lena ndírítear ar dhul i ngleic leis na héifeachtaí iarmhartacha ón tSaiheil. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé na dálaí a chruthú go comhpháirteach don tsíocháin agus don chobhsaíocht fhadtéarmach, lena n-áirítear trí úinéireacht pholaitiúil áitiúil a fhorbairt sa réigiún.

*Rannpháirtíocht eile i gcúrsaí CBSC*

14. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair thábhachtach a dhéanann misin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata uile CBSC in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. A bhuí lena chumas leas a bhaint as acmhainní míleata agus sibhialta araon ar bhealach comhleanúnach, tá an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha agus cosc a chur orthu. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an tábhacht straitéiseach a bhaineann le réigiún na mBalcán Thiar do chobhsaíocht na hEorpa, athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé naisc leis an réigiún a neartú bunaithe ar luachanna comhroinnte, ar phrionsabail chomhroinnte agus ar ailíniú le CBES, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí réidh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála inmheánacha agus sheachtracha sa réigiún. Aithníonn sí an méid a chuireann EUFOR Althea leis an timpeallacht shábháilte shlán sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus sa réigiún, chomh maith le gníomhaíochtaí cobhsúcháin EULEX Kosovo. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici leanúint de bheith ag tacú leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil a chur ar bun arís san Iaráic, trí EUAM Iraq, agus sa Libia, trí EUBAM Libya agus tríd an oibríocht EUNAVFOR MED IRINI, lena n-áirítear an príomhchúram atá uirthi rannchuidiú le cur chun feidhme thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia, chomh maith lena cúraimí tánaisteacha. Ina theannta sin, cuireann sí i dtreis rannchuidiú EUNAVFOR MED IRINI le cur isteach ar shamhail ghnó na líonraí smuigleála agus gáinneála ar dhaoine trí fhaisnéis a bhailiú. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfaidh EUPOL COPPS agus EUBAM Rafah de ról tábhachtach a bheith acu maidir le hacmhainneacht institiúideach Údarás na Palaistíne a fhorbairt, go háirithe i ndáil leis na póilíní sibhialta, leis an gceartas agus le bainistiú teorainneacha, mar chuid den tiomantas polaitiúil foriomlán níos leithne don réiteach dhá stát agus d’inmharthanacht stáit Phalaistínigh a bheidh ann amach anseo, ar stát é a bhfuil an tAontas tiomanta go daingean dó i gcónaí.

Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin an gá atá le solúbthacht chun an dá mhisean a oiriúnú, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais pholaitiúla agus slándála a bheidh ann amach anseo. Is díol sásaimh don Chomhairle an méid breise atá déanta ag CBSC ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an tslándáil i Mósaimbíc, trí EUTM Mozambique, agus i gCorn na hAfraice, trí EUCAP Somalia, EUTM Somalia, agus EUNAVFOR ATALANTA agus molann sí an méid a dhéanann sé chun an phíoráideacht a dhíspreagadh agus chun an Clár Domhanda Bia agus loingeas leochaileach eile a chosaint. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais leas éifeachtach a bhaint as raon iomlán a chuid uirlisí agus beartas sa réigiún, lena n-áiritheofar úinéireacht iomlán na gcomhpháirtithe.

15. Aithníonn an Chomhairle an méadú atá ar an tábhacht a bhaineann le misin shibhialtacha uile CBSC i dtimpeallacht gheostraitéiseach an lae inniu mar uirlis uathúil pholaitiúil agus oibríochtúil lenar féidir leis an Aontas tacú le tíortha óstacha ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin, agus cuireann sí i dtreis gur gá a gcumais agus a n-acmhainní daonna a neartú. Cuireann an Chomhairle i dtreis go háirithe seoladh pras Mhisean an Aontais san Airméin agus Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais i bPoblacht na Moldóive in 2023, a bheidh inoiriúnaithe araon do na staideanna agus do na bagairtí slándála faoi seach, agus do riachtanais mhéadaitheacha na dtíortha óstacha agus a ndaonra. Leagann an Chomhairle béim ar an obair thábhachtach leanúnach atá á déanamh ag EUMM Georgia, ar príomhthoisc chobhsúcháin sa tír i gcónaí í an obair sin.

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an tSaoráid Eorpach Síochána mar ionstraim dhomhanda chun tacú lenár gcuspóirí CBES/CBSC, lena gceadaítear cúnamh spriocdhírithe míleata agus cosanta mar fhreagairt ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh beartas díchill chuí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta maidir le tacaíocht ón earnáil slándála do thríú páirtithe agus iarrann sí ar na gníomhaithe uile lena mbaineann é a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán. Tathantaíonn an Chomhairle go gcuirfí leis na hiarrachtaí chun na cuspóirí maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a bhaint amach agus is díol sásaimh di an tiomantas athnuaite chun an clár oibre maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a chur chun cinn, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an seicliosta chun an clár oibre sin a chomhtháthú i misin agus oibríochtaí CBSC.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun coincheap Cobhsaíochta an Aontais 2022 a oibríochtú, agus leas á bhaint as na huirlisí agus na hionstraimí ábhartha uile, ó SEGS, ó sheirbhísí an Choimisiúin agus ó na Ballstáit i gcomhréir leis an gcur chuige comhtháite maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha.

*Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais*

19. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais a oibríochtú go hiomlán faoi 2025. Iarrann sí ar na Ballstáit leanúint dá bhfórsaí agus dá gcumais a chur ar fáil chun na críche sin. Formheasann sí inniu an dá chás oibríochtúla chineálacha atá fágtha (forfheidhmiú na síochána, cosc coinbhleachtaí / forbairt acmhainneachta). Tugann an Chomhairle dá haire, a luaithe a fhorbrófar na doiciméid pleanála teagmhasaí ina dhiaidh sin, go mbeidh cúig phríomhchás ag an Aontas chun réamhphleanáil leanúnach a dhéanamh le go mbeidh an tAontas in ann gníomhú go héifeachtach agus ar bhealach níos gasta. Beidh réamhphleanáil mar bhonn eolais freisin do na ceanglais do RDC an Aontais agus éascóidh sí cinntí polaitiúla nuair a thagann géarchéim chun cinn. Cuireann sí i bhfios go láidir an tábhacht ar leith maidir le freachnaimh bheo rialta a bhaineann le Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais chun feabhas a chur ar a ullmhacht oibríochtúil agus ar a idir-inoibritheacht. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an chéad fhreachnamh beo míleata de chuid an Aontais sa Spáinn in 2023, tá sí ag tnúth leis an gcéad fhreachnamh beo eile sa Ghearmáin i mí na Samhna / mí na Nollag 2024, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint de ghníomhaíochtaí freachnaimh in 2025 agus ina dhiaidh sin. Meabhraítear di freisin an gealltanas go leathnófar agus go sínfear raon feidhme na gcostas coiteann do mhisin agus oibríochtaí míleata an Aontais, d'fhreachnaimh an Aontais agus d'Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais, agus tá sí ag tnúth lena oibríochtú a luaithe is féidir.

*Ceannas agus rialú*

20. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar SEGS tuilleadh oibre a dhéanamh chun cumas iomlán oibríochtúil an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta (MPCC) a bhaint amach faoi 2025, go háirithe trína chórais shlána chumarsáide agus faisnéise a threisiú agus tríd an bpearsanra agus an cistiú is gá a chur ar fáil, chun go mbeidh MPCC in ann oibríochtaí casta ilfhearainn a phleanáil agus a sheoladh, lena n-áirítear i dtimpeallachtaí neamhcheadaitheacha. Meabhraítear di, a luaithe a bheidh MPCC ag feidhmiú go hiomlán, gur cheart breathnú air mar an struchtúr ceannais agus rialaithe is fearr le haghaidh misin agus oibríochtaí míleata, freachnaimh, agus le haghaidh Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais. Maidir le hobair shibhialtach CBSC, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athchóiriú eagraíochtúil ar an gCumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC) agus geallann sí go ndéanfar CPCC a neartú agus a fhorbairt sa Cheanncheathrú Oibríochtaí Sibhialtacha.

*An tSoghluaisteacht Mhíleata*

21. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an tSoghluaisteacht Mhíleata do shlándáil agus cosaint na hEorpa, lena n-áirítear líonra dea-fheidhmiúil. Iarrann sí ar na Ballstáit an gealltanas maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo a chur chun feidhme mar ábhar práinne. Sa chomhthéacs sin, comhaontaíonn an Chomhairle dlús a chur le gluaiseacht fórsaí míleata mórscála ar gearrfhógra laistigh den Aontas agus lasmuigh de trí ghealltanais náisiúnta chomhleanúnacha i gcomhlántacht le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0[1]. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus ECAT a neartú a thuilleadh, comhpháirtíocht a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh i réimse na Soghluaisteachta Míleata, faoi chuimsiú na dtrí Dhearbhú Chomhpháirteacha ó 2016, 2018 agus 2023, agus lánurraim á tabhairt do na treoirphrionsabail a comhaontaíodh chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht, agus cur chuige 360 céim á chur san áireamh. Aithníonn an Chomhairle freisin go bhfuil gá le hacmhainní, infheistíocht agus iarrachtaí leordhóthanacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chun an tSoghluaisteacht Mhíleata a neartú, agus ceannasacht na mBallstát á hurramú go hiomlán agus gan teacht roimh chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Iarrann an Chomhairle ar SEGS, in éineacht le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, le GEC, agus le tionscadail PESCO, comhordú a dhéanamh ar an athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn a dhéanfar, d'fhonn an Gealltanas maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a chur chun feidhme go hiomlán agus go cuimsitheach faoi 2026.

[1] 15047/22.

*Cúnamh frithpháirteach agus dlúthpháirtíocht*

22. Meabhraítear don Chomhairle a dhiongbháilte atá an tAontas cúnamh frithpháirteach agus dlúthpháirtíocht a léiriú i gcás fogha faoi cheann de na Ballstáit. Athdhearbhaíonn sí go leanfaidh an tAontas d'infheistíocht a dhéanamh sa chúnamh frithpháirteach uaidh faoi Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach chomh maith le dlúthpháirtíocht faoi Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí fhreachnaimh rialta. Ní dhéanfaidh sé sin dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe. Beidh na ceangaltais agus an comhar sa réimse sin comhchuí leis na ceangaltais arna ngabháil ar láimh laistigh d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh a leanann de bheith mar bhunsraith dá gcosaint chomhchoiteann i gcás na Stát atá ina gcomhaltaí de agus mar eagras dá cur chun feidhme.

*CBSC sibhialtach*

23. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna a tugadh chun éifeachtacht obair shibhialtach CBSC a fheabhsú trí Chomhshocrú Sibhialtach CBSC 2023-2027[2] a chur chun feidhme agus tá sí ag tnúth le treoirphrionsabail d'obair shibhialtach CBSC faoi dheireadh 2024. Molann sí do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí líon na saineolaithe ar iasacht a mhéadú go comhpháirteach chuig misin shibhialtacha CBSC, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na mban in obair shibhialtach CBSC a fheabhsú. Is díol sásaimh di an chéad Chomhdháil Bhliantúil maidir le Cumais Shibhialtacha agus an chéad Chomhdháil maidir le hAcmhainneacht Acmhainní Daonna a Ghiniúint, a tionóladh i mí Aibreáin 2024, agus tá sí ag tnúth le sprioc uaillmhianach a leagan síos chun cumais a fhorbairt sa dara leath de 2024 mar chuid den Phróiseas Forbartha maidir le Cumas Sibhialtach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an gá atá le plé rialta maidir le hobair shibhialtach CBSC ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha.

[2] 9588/23.

**<u>Athléimneacht an Aontais agus rochtain shlán ar réimsí straitéiseacha a neartú</u>**

*Cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis*

24. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé neart a chur lena ndéanaimid maidir le cosc, brath, díspreagadh, athléimneacht agus maidir le freagairt ar ghníomhaíochtaí hibrideacha, cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, cibearbhagairtí agus gníomhaíochtaí mailíseacha atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit agus ar chomhpháirtithe agus, lena chois sin, ionstraimí tiomnaithe a fhorbairt a thuilleadh. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle treoirlínte athbhreithnithe maidir le cur chun feidhme Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta[3], agus Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais, mar aon le bosca uirlisí an Aontais maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac (bosca uirlisí maidir le cur isteach eachtrach ar fhaisnéis), a oibríochtú a thuilleadh. Iarrann sí go ndéanfaí na boscaí uirlisí sin a chuíchóiriú agus a fhorbairt a thuilleadh agus molann sí do na Ballstáit agus do ghníomhaithe ábhartha an Aontais an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht iomlán na n-ionstraimí agus an tsaineolais atá ann cheana, lena n-áirítear, i gcás inar gá, trí chórais na mbeart sriantach atá ann cheana a chomhlánú agus trí bhearta sriantacha nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí hibrideacha agus ar chur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Chun feasacht staide fhaisnéisbhunaithe agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach a áirithiú, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise an Aontais a neartú a thuilleadh faoi 2025 trína hacmhainní agus a hacmhainneachtaí a fheabhsú.

[3] 10289/23.

25. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá le cumas an Aontais a neartú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht mhailíseach, go háirithe i bhfianaise na dtoghchán Eorpach atá ar na bacáin, agus iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, cur chuige speictrim iomláin a chur chun cinn maidir le hathléimneacht, freagairt, cosc coinbhleachtaí, comhar agus cobhsaíocht sa chibearspás lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bearta cosanta réamhghníomhacha. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí coincheap agus treochlár a thíolacadh faoi dheireadh 2024 chun Lárionad Comhordúcháin Cibearchosanta an Aontais (EUCDCC) a bhunú in 2025 chun feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhar i réimse na cibearchosanta agus chun féachaint an bhféadfaí an timpeallacht faisnéise agus an chogaíocht leictreonach a áireamh ina raon feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá á déanamh ag tionscadail ghaolmhara PESCO i ndáil leis an méid sin.

Thairis sin, is díol sásaimh don Chomhairle dlúthchomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn léi agus molann sí an dlúthchomhar sin chun malartú faisnéise agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le faireachán a dhéanamh ar bhagairtí i ndáil le cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, meastóireacht a dhéanamh orthu agus iad a chomhrac, lena n-áirítear i Sásra Mearfhreagartha G7. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le misin agus oibríochtaí CBSC a fheistiú le hionstraimí tiomnaithe ón mbosca uirlisí maidir le cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, ós rud é go gcuirfidh sé sin go mór lena n-athléimneacht agus lena n-éifeachtacht maidir le bagairtí FIMI a chomhrac, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá an chumarsáid láidir straitéiseach. Is céim shuntasach é bunú an Lárionad um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise (ISAC) i dtreo feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhar leis an tsochaí shibhialta agus le comhpháirtithe eile agus idir comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo.

26. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhaontú maidir leis an gcreat treorach chun Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha a bhunú go praiticiúil. Agus saineolas ábhartha á shlógadh acu ar leibhéal an Aontais agus ar ghearrfhógra nuair is gá, beidh na foirne ina n-ionstraim thábhachtach i mBosca Uirlisí Hibrideach an Aontais chun tacú leis na Ballstáit, leis na tíortha comhpháirtíochta, agus le misin agus oibríochtaí CBSC chun feabhas a chur ar a n-athléimneacht i leith bagairtí hibrideacha agus chun iad a chomhrac. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na foirne a chur ag feidhmiú go hiomlán.

*An Spás*

27. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil córais agus seirbhísí spáis ríthábhachtach d’fheidhmiú ár sochaí, ár ngeilleagair, agus ár gcumais slándála agus cosanta. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún an Straitéis Spáis um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme go pras i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh an chéad anailís rúnaicmithe bhliantúil ar thírdhreach na mbagairtí spáis i gcrích chomh maith leis an gcleachtadh mar Fhreagairt ar Bhagairtí Spáis i mí an Mhárta. Leagann sí béim ar an ngá atá le freagairt an Aontais ar bhagairtí spáis a fheabhsú a thuilleadh agus, chun na críche sin, iarrann sí ar an Ardionadaí athbhreithniú ar an gCinneadh ón gComhairle maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí faoi Chlár Spáis an Aontais nó faoi Chláir Spáis an Aontais a chur faoi bhráid na Comhairle, chomh maith le togra chun é a leasú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar thimpeallacht nua na bagartha spáis. Áiritheofar leis sin gur féidir uirlisí ábhartha de chuid an Aontais a shlógadh ar bhealach tráthúil comhordaithe agus aghaidh á tabhairt ar bhagairt spáis a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil agus cosaint an Aontais. Ag an am céanna, cuirfidh an tAontas dlús leis na hiarrachtaí chun oibriú le comhpháirtithe chun noirm maidir le hiompar freagrach sa spás a chur chun cinn i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe ar fud raon iomlán na ngníomhaíochtaí spáis, rud a chuirfidh go mór leis an tslándáil sa chianspás a chur chun cinn, chomh maith le húsáid chobhsaí, shábháilte agus inbhuanaithe an chianspáis chun críoch síochánta a chosaint.

Agus í ag meabhrú gur saincheart ceannasach í an Fheasacht ar Réimse an Spáis, is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit ábhartha faisnéis a roinnt leis an Aontas sa réimse sin. Spreagann sí forbairt chomhoibríoch na gcumas tiomnaithe breise atá de dhíth ar na Ballstáit le haghaidh Fheasacht Réimse an Spáis agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le cumais an Aontais maidir le Faireachas agus Rianú Spáis a threisiú. Leagann an Chomhairle béim freisin an ról lárnach atá ag SatCen an Aontais maidir le tacú le cinnteoireacht uathrialach an Aontais agus a Bhallstát, agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Ardionadaí agus ag na Ballstáit SatCen an Aontais a neartú chun borradh a chur faoinár n-acmhainneacht uathrialach faisnéise geospásúla, mar a luaitear sa Chompás Straitéiseach. Is díol sásaimh di freisin an measúnú leanúnach ar roghanna a d’fhéadfadh a bheith ann chun seirbhís rialtais nua de chuid an Aontais um fhaire na cruinne a fhorbairt lena gcuirfí san áireamh cumais agus tionscnaimh atá ann cheana agus atá beartaithe agus lena bhfreagrófaí do riachtanais shainaitheanta, ag tógáil ar an saineolas agus ar an gcomhlántacht idir SatCen AE agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá córais shlána chumarsáide agus loingseoireachta satailíte chun tacú leis na réimsí cosanta agus sibhialta araon.

*An t-iompar muirí*

28. Tá a sheasamh mar ghníomhaí slándála muirí níos láidre á chomhdhlúthú a thuilleadh ag an Aontas i gcomhréir le Straitéis Slándála Muirí athbhreithnithe an Aontais (SSMAE) agus leis an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann léi[4]. Le Láithreachtaí Muirí Comhordaithe, cumasaítear láithreacht mhuirí agus for-rochtain mhuirí níos fearr san Eoraip i Murascaill na Guine agus san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, rannchuidítear leis an tslándáil mhuirí trí fheasacht, anailís agus faisnéis chomhroinnte, agus cuirtear an dlí idirnáisiúnta chun cinn, go háirithe UNCLOS. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe, iarrann sí ar SEGS tograí a chur ar aghaidh go pras chun é a fheabhsú a thuilleadh, agus aontaíonn sí go gcuirfear síneadh lena sainordú go dtí earrach 2026 do Láithreacht Mhurascaill na Guine agus go dtí earrach 2025 do Láithreacht an Aigéin Indiaigh Thiar Thuaidh. Molann an Chomhairle don Ardionadaí agus do na Ballstáit leanúint de chleachtaí slándála muirí a eagrú lena n-áirítear freachnaimh bhliantúla chabhlaigh agus ghardaí cósta na mBallstát. Is díol sásaimh di rannpháirtíocht na mBallstát agus ghníomhaireachtaí an Aontais sa chleachtadh slándála muirí MARSEC, a d’eagraigh an Spáinn i mí na Bealtaine 2024.

*Aer*

29. Tá an fearann aeir ag éirí níos plódaithe agus níos conspóidí. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an machnamh straitéiseach chun rochtain Eorpach shaor, shábháilte agus shlán ar aerspás a áirithiú, a rinneadh i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach. Tá sí ag tnúth le togra le haghaidh straitéis thiomnaithe aerspáis de chuid an Aontais don tslándáil agus don chosaint d’fhonn í a ghlacadh in 2025.

[4] 14280/23.

*An aeráid agus slándáil agus cosaint*

30. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí chun feidhme go pras an teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an nasc idir an aeráid agus an tslándáil[5]. Áirítear leis sin go háirithe cumais luathrabhaidh agus fadbhreathnaitheachta a fhorbairt, an Sásra Tacaíochta Aeráide agus Cosanta a chur ar bun, comhairleoirí comhshaoil a imscaradh chuig misin agus oibríochtaí uile CBSC faoi 2025, agus oibríochtú iomlán Ardán Oiliúna tiomnaithe an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar SEGS, in éineacht leis an gCoimisiún, tuarascáil a thabhairt a luaithe is féidir maidir leis an dul chun cinn atá déanta. Iarrann an Chomhairle go mbainfí an leas is fearr is féidir as uirlisí agus ionstraimí an Aontais maidir le cumas cosanta chun tacú leis an aistriú glas. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit straitéisí náisiúnta a fhorbairt chun a bhfórsaí armtha a ullmhú don athrú aeráide agus aithníonn sí Líonra Aeráide agus Cosanta an Aontais mar ardán tagartha chun dea-chleachtais a roinnt agus chun deiseanna comhoibríocha a fhiosrú. Ina theannta sin, i bhfianaise an tionchair agus na rioscaí a ghineann an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, aithníonn an Chomhairle go bhfuil gá le gníomhaíocht leordhóthanach maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide i measc na bhfórsaí armtha. Aithníonn an Chomhairle go laghdaítear an lorg carbóin, na costais, chomh maith leis an ualach lóistíochta, le héifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht fuinnimh fheabhsaithe, agus go bhfeabhsaítear an éifeachtacht oibríochtúil ag an am céanna. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag Fóram Comhairliúcháin an Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe in Earnáil na Cosanta agus na Slándála sa chomhthéacs sin.

[5] 11283/23.

**Comhpháirtíochtaí**

31. Is colún fíor-riachtanach d'iarrachtaí an Aontais an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn ar fud an domhain iad comhpháirtíochtaí maidir leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint. Tá an tAontas lántiomanta an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chaomhnú agus an t-iltaobhachas éifeachtach a neartú ar gach leibhéal, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár sin. Leanfaidh an tAontas de chomhpháirtíochtaí saincheaptha comhthairbheacha a neartú, a dhoimhniú agus a leathnú a thuilleadh le comhpháirtithe déthaobhacha agus iltaobhacha bunaithe ar luachanna agus leasanna comhroinnte, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach agus le nósanna imeachta bunaithe.

32. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin neartú leanúnach na comhpháirtíochta straitéisí idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime agus cur chun feidhme na dtosaíochtaí comhpháirteacha do 2022-2024[6]. Is deis uathúil é Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir leis an Todhchaí atá ar na bacáin chun an córas iltaobhach a athbheochan agus chun na Náisiúin Aontaithe a chur in oiriúint don todhchaí agus chun ionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar shaol agus ar shochaithe an lae inniu, rud a laghdóidh an bhearna iontaoibhe *vis-à-vis* institiúidí agus idir comhaltaí na Náisiún Aontaithe. Tacaíonn an Chomhairle le Clár Oibre Nua um Shíocháin Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus tá sí ag tnúth lena moltaí chun feabhas a chur ar ár gcóras comhchoiteann síochána agus slándála chun coinbhleachtaí a chosc, a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach níos fearr sna réimsí traidisiúnta agus sna réimsí nua araon a léirítear sa Chomhshocrú don Todhchaí. Is díol sásaimh di an obair chun leanúint den Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil a fhorbairt chun í a chur in oiriúint don réaltacht gheopholaitiúil nua, lena n-áirítear d'fhonn tacar nua tosaíochtaí a ghlacadh le haghaidh 2025-2027.

[6] 5451/22.

33. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil comhpháirtíocht straitéiseach an Aontais le ECAT, agus an nasc láidir trasatlantach mar bhonn taca léi, ríthábhachtach don tslándáil agus don chobhsaíocht Eora-Atlantach, mar a léiríodh arís i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá an Chomhairle lántiomanta i gcónaí an chomhpháirtíocht sin a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a neartú, a dhoimhniú agus a leathnú a thuilleadh, trí idirphlé polaitiúil agus comhar faoi chuimsiú na dtrí Dhearbhú Chomhpháirteacha ó 2016, 2018 agus 2023, agus lánurraim á tabhairt do threoirphrionsabail chomhaontaithe na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta mar aon le neamhspleáchas cinnteoireachta agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach atá déanta i ngach réimse, lena n-áirítear maidir leis an idirphlé polaitiúil, cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, an chibearshlándáil agus an chosaint, bagairtí hibrideacha, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, athléimneacht, soghluaisteacht mhíleata, freachnaimh, oibríochtaí bainistithe géarchéime, an spás, an aeráid agus an chosaint, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha, mná, an tsíocháin agus an tslándáil, agus fothú acmhainneachta do chomhpháirtithe.

34. D'fhonn an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus ECAT a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá leis an tsraith chomhchoiteann tograí a thabhairt cothrom le dáta agus doiciméad cur chun feidhme nua cuimsitheach réamhbhreathnaitheach a fhorbairt agus a ghlacadh, lena gcuimseofar raon iomlán an chomhair idir an tAontas agus ECAT, roimh dheireadh 2024. I bhfianaise comhar cosanta méadaithe, comhleanúnachas méadaitheach an aschuir idir na próisis pleanála cosanta agus forbartha cumais faoi seach, soláthar comhpháirteach, agus infheistíochtaí tionsclaíocha cosanta Eorpacha, iarrann an Chomhairle go méadófaí leibhéal an chomhair, an chomhordaithe agus an mhalartaithe faisnéise gan bhac, ar bhealach cuimsitheach neamh-idirdhealaitheach trí chórais chumarsáide shlána, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe ar leibhéal na foirne. I ndáil leis an méid sin, tugann sí le bhfios go láidir gur gá malartú faisnéise rúnaicmithe a cheadú ar leibhéal na foirne idir GEC agus ECAT, lena n-áirítear Gníomhaireacht Tacaíochta agus Soláthair ECAT agus an Luasaire Nuálaíochta Cosanta don Atlantach Thuaidh. Iarrann an Chomhairle ar GEC na Ballstáit a choinneáil ar an eolas go rialta maidir leis an dul chun cinn sula dtabharfar an socrú sin i gcrích. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an naoú tuarascáil ar dhul chun cinn atá ar na bacáin maidir leis an tacar coiteann tograí atá le tíolacadh go comhpháirteach ag an Ardionadaí agus ag Ardrúnaí ECAT.

35. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht an Aontais maidir le cosc coinbhleachtaí agus idirghabháil síochána, ar gné bhunriachtanach é de ról domhanda an Aontais chun an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, iarrann sí go neartófaí bosca uirlisí an Aontais go huaillmhianach, lena n-áirítear trí chomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le comhpháirtithe iltaobhacha eile chun oibriú le chéile i réimsí comhleasa, ós rud é go gcaithfidh an t-iltaobhachas éifeachtach a bheith ina chuid dhílis den tsíocháin agus den chomhar slándála. Go háirithe, tá an Chomhairle ag tnúth le Treochlár comhpháirteach tiomnaithe AE-ESCE a fhorbairt maidir le coinbhleachtaí a chosc agus géarchéimeanna a bhainistiú, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach go bhforbróidh an tAontas comhpháirtíocht níos dlúithe agus níos uaillmhianaí fós don tsíocháin, don tslándáil, don rialachas agus don fhorbairt leis an Afraic, bunaithe ar chláir oibre a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, ar cheachtanna a foghlaimíodh, ar mhachnamh comhpháirteach níos doimhne le comhpháirtithe na hAfraice maidir le riachtanais agus dúshláin áitiúla agus réigiúnacha, agus ar réitigh shaincheaptha chéimnitheacha mhodúlacha.

Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil slándáil an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh agus na hEorpa fite fuaite le chéile agus iarrann sí go ndéanfaí comhar neartaithe maidir le slándáil agus cosaint le comhpháirtithe réigiúnacha, lena n-áirítear Comhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille.

36. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé comhar déthaobhach agus idirphlé tiomnaithe slándála agus cosanta a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear idirphlé téamach. Meabhraítear di go háirithe gur gá borradh a chur faoin gcomhar slándála agus cosanta le comhpháirtithe trasatlantacha. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá cur chuige níos straitéisí maidir leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint le tríú tíortha, trí shraith straitéisí comhpháirtíochta an Aontais a neartú, agus na Ballstáit á gcoinneáil san áireamh go hiomlán ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, leagann an Chomhairle béim ar an ionstraim nua maidir leis an gComhpháirtíocht Slándála agus Cosanta agus tá sí ag tnúth lena cur chun feidhme ar bhealach spriocdhírithe a rachaidh chun tairbhe do gach taobh. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di gur síníodh na Comhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta le Poblacht na Moldóive agus tá sí ag tnúth le síniú na gComhpháirtíochtaí breise Slándála agus Cosanta, ag tosú leis an Iorua. Leis an gcéad eagrán d'Fhóram Slándála agus Cosanta Schuman i mí an Mhárta 2023, cuireadh ardán uathúil ar fáil le haghaidh malartuithe ar an leibhéal polaitiúil le comhpháirtithe déthaobhacha agus iltaobhacha maidir le príomhdhúshláin síochána, slándála agus cosanta. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an dara heagrán di an 28–29 Bealtaine 2024.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Gealltanas 2024 maidir leis an tSoghluaisteacht Míleata**

Aithníonn an Chomhairle an méid seo a leanas:

- Tá gluaiseacht thapa éifeachtúil gan bhac na bhfórsaí míleata ríthábhachtach do shlándáil agus cosaint na hEorpa toisc go gcumasaíonn sí freagairt inchreidte thapa ar bhagairtí agus ar dhúshláin ar fud na hEorpa agus lasmuigh di. Tá feidhm aige sin freisin i gcomhthéacs Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais (CBSC) agus go háirithe maidir le cur chun feidhme Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais mar a leagtar amach i gCompás Straitéiseach an Aontais. Tá sé chomh tábhachtach céanna do ghníomhaíochtaí náisiúnta agus ilnáisiúnta, go háirithe faoi chuimsiú ECAT;

- Cuireadh go mór le hiarrachtaí an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata leis an ngealltanas a tugadh in 2018 maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata. Tá gá le gealltanas athnuaite anois, bunaithe ar thiomantas níos leithne agus níos uaillmhianaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann agus ar an ngá méadaitheach atá le hathléimneacht agus ullmhacht i dtimpeallacht gheostraitéiseach atá ag éirí níos dúshlánaí i gcomharsanacht an Aontais, go háirithe tar éis chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ach in áiteanna is faide ar shiúl freisin, agus cur chuige uilíoch á chur san áireamh;

- Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le gluaiseacht san Aer, ar Tír agus ar Muir agus an athléimneacht fhoriomlán, lena n-áirítear an chibear-athléimneacht, a mhéadú. Tá gá le hiarracht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta fiú in aimsir na síochána chun a bheith in ann fórsaí míleata ar mórscála, lena n-áirítear pearsanra míleata, a n-ábhar agus a dtrealamh laistigh agus lasmuigh den Aontas, a bhogadh ar gearrfhógra. Tá sé ríthábhachtach, sa chomhthéacs sin, go gcuirfí cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí i bhfeidhm agus go rannchuideofaí le níos mó sineirgí idir riachtanais shibhialta agus mhíleata ar bhealach a threisíonn gach páirtí, go háirithe ó thaobh dé-úsáide de, mar a leagtar amach freisin sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0;

- Chun an tsoghluaisteacht mhíleata san Aontas a neartú, tá gá le hacmhainní agus infheistíocht leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chun go mbeifear in ann fórsaí agus trealaimh a bhogadh go gasta, gan dochar don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ná don chaibidlíocht maidir leis an gcreat a bheidh ann amach anseo;

- Tá ról lárnach ag na gealltanais náisiúnta a thugann na Ballstáit chun an aidhm chomhroinnte atá ag líonra dea-nasctha Soghluaisteachta Míleata a bhaint amach, bunaithe ar chonairí agus nóid iompair ilmhódacha, lena n-áirítear moil lóistíochta, lena mbaineann amlínte laghdaithe, constaicí riaracháin agus cumais athléimneacha chibearshlána atá ullmhaithe níos fearr agus inbhuanaithe;

- Tacaíonn an Plean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0 leis na Ballstáit agus na gealltanais a leagtar amach thíos á gcur chun feidhme, i gcomhar le SEGS, le seirbhísí an Choimisiúin, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus le heintitis agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais. Thairis sin, beifear in ann cuid de na gealltanais nua a chur chun feidhme de bharr tionscadail PESCO maidir le 'Soghluaisteacht Mhíleata' agus 'Líonra na Mol Lóistíochta san Eoraip agus na Tacaíochta d'Oibríochtaí;

- Sa tríú Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT, aithnítear gur baineadh éachtaí nithiúla amach i réimse na Soghluaisteachta Míleata, ach iarrtar freisin go neartófaí an comhar sa réimse sin a thuilleadh. Is den ríthábhacht é cur chuige comhleanúnach a threisíonn gach páirtí i dtaca leis na hiarrachtaí atá ar bun ag ECAT maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata, agus lánurraim á tabhairt do na treoirphrionsabail lena rialaítear an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus ECAT, is é sin cuimsitheacht, trédhearcacht, cómhalartacht agus neamhspleáchas cinnteoireachta, agus beidh sé chun leas comhroinnte na n-eagraíochtaí agus na mBallstát uile araon. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí an comhar a threisiú ar bhealach inbhraite oibríochtúil, chun a áirithiú gur gné shuaitheanta den chomhar idir an tAontas agus ECAT í an tSoghluaisteacht Mhíleata i gcónaí;

- Leanann rannpháirtíocht tríú tíortha i dtionscadail ábhartha PESCO de bhreisluach a thabhairt, ó thaobh trasatlantach agus ó thaobh AE-ECAT freisin, i gcomhréir le coinníollacha agus prionsabail a comhaontaíodh[7].

[7] Cinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle a thiomanta atá na Ballstáit na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 2026, i gcomhréir le reachtaíocht agus nósanna imeachta náisiúnta, le ceanglais bhunreachtúla na mBallstát aonair maidir lena gcríoch náisiúnta, a ngluaiseachtaí míleata agus a n-iompar, agus le cineál sonrach a mbeartas slándála agus cosanta:

1. Tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí bonneagair dé-úsáide iompair, trí na 'Riachtanais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas' a chur i bhfeidhm, d'fhonn conairí tosaíochta an Aontais a thabhairt chun críche go práinneach le haghaidh gluaiseachtaí míleata ar mórscála agus ar gearrfhógra mar a shainaithin an Coimisiún agus SEGS go comhpháirteach, lena n-áirítear Foireann Mhíleata an Aontais, i gcomhar le ECAT, agus cur chuige uilíoch á chur san áireamh. Tabharfar tosaíocht ar leith d'infheistíochtaí bonneagair iompair dé-úsáide lena ndírítear ar scrogaill shonracha i gcás gluaiseachtaí míleata nó a bhfuil ard-bhreisluach míleata acu ar shlí eile.

2. An bonneagar agus na saoráidí iompair ilmhódacha is gá a chumasú, a neartú agus a shuí i gcur chuige líonraithe feadh na gconairí sin, lena n-áirítear leas iomlán a bhaint as tionscadail ábhartha PESCO. D'fhéadfadh feidhm a bheith aige sin, mar shampla, maidir le moil lóistíochta agus limistéir chéimnithe, ionaid tacaíochta conbhuanna, bonneagar lódála agus dílódála, bonneagar tacaíochta breosla, etc.

3. Ceadanna gluaiseachta trasteorann a thabhairt laistigh de 3 lá oibre ar a mhéad, agus é á aithint ag an am céanna go bhfuil gá le hiarrachtaí suntasacha ar an leibhéal náisiúnta chun an cuspóir sin a bhaint amach, go háirithe maidir le rólastaí agus earraí contúirteacha. Dá bhrí sin, tabharfaidh na Ballstáit, mar ábhar práinne, tosaíocht do bhearta chun a áirithiú gur féidir an leibhéal uaillmhéine sin a bhaint amach tráth géarchéime, lena n-áirítear i gcomhthéacs Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais, agus chun gur féidir freachnaimh théamacha bheo agus bhoird a dhéanamh. Ar na bearta is ceart a áireamh chun an cuspóir sin a bhaint amach tá imréitigh taidhleoireachta 'buan' le haghaidh gníomhaíochtaí faoi CBSC an Aontais, i measc nithe eile, chomh maith le creataí ECAT agus creataí náisiúnta agus ilnáisiúnta eile, go háirithe trí shocruithe atá bunaithe ar chonairí agus nósanna imeachta tiomnaithe maidir leis an tSoghluaisteacht mMhíleata agus trí nósanna imeachta digitithe agus comhchuibhithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcás inar féidir. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit sásraí comhordaithe iltaobhacha/déthaobhacha a bhunú chun go mbeidh na nósanna imeachta feadh na bpríomhchonairí níos comhchuibhithe agus níos fearr.

4. Iarrachtaí a chur chun cinn chun sásraí comhordúcháin agus comhair a chomhdhlúthú. Chuige sin, cuirfear bonn cuiditheach ar fáil do na Ballstáit trí ghrúpa comhordaithe idir-aireachta agus idirghníomhaireachta a bhunú ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir leis an gcur chuige uile-rialtais, chun feabhas éifeachtach a chur ar shreabha faisnéise go héifeachtach agus chun an comhordú laethúil idir aireachtaí, gníomhaireachtaí agus údaráis (áitiúla nó réigiúnacha) ábhartha a fheabhsú. Thairis sin, leis an líonra de phointí teagmhála náisiúnta arna bhunú le tionscadal PESCO ar a dtugtar 'an tSoghluaisteacht Mhíleata', áiritheofar go láimhseálfar iarrataí ar ghluaiseachtaí trasteorann go tapa agus leanfar d'eolas a roinnt maidir le dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh nuair a bheidh cúraimí breise á measúnú in 2024.

5. A áirithiú go dtabharfar tús áite d'fhórsaí armtha nuair a bheidh rochtain á tabhairt ar mhodhanna, líonraí agus sócmhainní ábhartha iompair, lena n-áirítear an t-aerspás is gá, trí chreat rialála an Aontais freisin, chun tacú le hiarrachtaí náisiúnta, go háirithe tráth géarchéime agus coinbhleachta agus, i gcás inar féidir, in aimsir na síochána fiú, agus lánurraim á tabhairt do cheannasacht Bhallstáit an Aontais ar a gcríoch náisiúnta agus ar phróisis chinnteoireachta náisiúnta maidir le gluaiseachtaí míleata. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht riachtanach ar fáil, i measc nithe eile, trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha nó náisiúnta, go háirithe trí chreatchonarthaí leis na soláthraithe iompair shibhialtaigh.

6. Moladh do na Ballstáit faisnéis agus dea-chleachtais a roinnt maidir le comhar laistigh de chonairí straitéiseacha. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí thionscadail ábhartha PESCO agus tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC).

7. An athléimneacht fhoriomlán a neartú i ngach réimse a bhaineann leis an earnáil iompair, lena n-áirítear an chibearshlándáil. Ba cheart, sna bearta nithiúla, díriú ar ghnéithe den tSoghluaisteacht Mhíleata i measúnuithe riosca cibearshlándála ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun cibear-athléimneacht na gcóras agus na seirbhísí iompair dé-úsáide a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta.

8. Tacú le freachnaimh agus iad a dhéanamh chun gluaiseachtaí míleata trasteorann a thástáil i ngach réimse, go háirithe i ndáil le ceadanna, socruithe gaolmhara, nósanna imeachta, agus forálacha, lena n-áirítear trí fhreachnaimh bhoird de chuid an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a dhéanamh go rialta, trí freachnaimh bheo mhíleata de chuid an Aontais atá nasctha le hAcmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais freisin, nó trí pháirt a ghlacadh i bhfreachnaimh ilnáisiúnta eile de réir mar is iomchuí.

9. Na cumais chosanta is gá a fhorbairt le haghaidh iompar míleata, lena n-áirítear cumais iompair straitéisigh, bunaithe ar thorthaí CARD agus ar Thosaíochtaí Forbartha Cumas an Aontais, 2023, go háirithe an tosaíocht atá ag an Aontas ar a dtugtar ‘an tSoghluaisteacht Mhíleata’, i gcomhréir le prionsabal na foinse aonair fórsaí.

10. Chun na heasnaimh atá sna hacmhainneachtaí atá ann faoi láthair a mhaolú, ar easnaimh iad atá ábhartha maidir le trealamh míleata agus pearsanra míleata a imscaradh go tapa, a chothú agus a ath-imscaradh laistigh den Aontas agus lasmuigh de, scrúdóidh na Ballstáit réitigh struchtúrtha choiteanna maidir le cumais iompair straitéisigh le haghaidh gach modha iompair de réir mar is iomchuí.

11. Tacú le tionscnaimh leanúnacha chun foirmiúlachtaí custaim a bhaineann le cúrsaí míleata a dhigitiú chun an t-ualach riaracháin ar ghluaiseacht trúpaí agus ábhair ó chríoch chustaim an Aontais agus chuici a laghdú. Chuige sin, tá Ballstáit an Aontais tiomanta don chomhar a mhéadú eatarthu féin agus na páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe seirbhísí GEC agus an Choimisiúin, i gcomhar le ECAT, agus cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí á leanúint ag an am céanna.

12. For-rochtain chórasach ar shaoránaigh agus ar an tsochaí shibhialta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fheachtais thiomnaithe faisnéise, mar shampla feachtais a bheadh nasctha le freachnaimh (beo), agus iarrachtaí chun feasacht agus tuiscint a mhúscailt maidir le tábhacht na Soghluaisteachta Míleata.

13. Agus iad ag obair chun iarrachtaí a shioncrónú, áiritheoidh na Ballstáit, agus leas iomlán á bhaint as na deiseanna a eascraíonn as ballraíocht san Aontas agus in ECAT araon, go mbeidh beartais, teagasc agus treoirlínte faoi seach ailínithe ar bhealach níos dlúithe.

Thairis sin, is díol sásaimh don Chomhairle a thiomanta atá na Ballstáit na pleananna náisiúnta le haghaidh na Soghluaisteachta Míleata a leasú dá réir, mar is iomchuí, faoi dheireadh 2024 agus fillfidh sí chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn bliantúil.